

GIRRFHIADH AN BHALLA MHÓIR.

11.

Teach a bhí i Ruisín Na mBain lach i ngar don áit a bhfuil tigh Mháirtín Lábrudh anois. Ní raibh duine a bith i ndon fanacht ann ach nach díbrighí as ag taidhbhsí. Bhí fear ina chomhnuidhe ann – Pádraic Pheicsa- a thugtaí air, bhí ingean aige a bhí suas ina studaire maith. Chuaidh an t-athair amach lá agus nuair a tháinig sé isteach bhí an ingean dóighe roimhe ach go raibh cainnt aici agus go raibh sí i ndon innseacht céurd a dhóigh í. "Fear mór dubh "adubhairt sí" a tháinig anuas as a' seomra

Agus a shac dornán taoi(tuigh) sa teine agus a chuir ar a cuid éudaigh é."

Nuair a banuigheadh an teach ansoin agus tugadh na clocha as bhíodh leaba ag girrfhiadh mór dubh ann. Nuair a dhúisighí sa mballa é. Théigheadh sé suas go dtí leaba eile a bhí san áit a dtugataí an Portach Mór air a bhí suas ag a Loch Dubh. Mharbhuigh an girrfhidh seo leath a raibh go cuinnpirt(confort) 'sa tír a rith air ach chinn sé ar aon dhuine ariamh é mharbhadh le cú ná le guna.

Tá sé imtighe anois le dhá fhichead bliadhann agus níor chuala mé aon trácht air. Ní hé a mharbhughadh ná rud a bith eile deanamh air a rinneadh,

ach é fhéin imtheacht. Bhí sé cinnte ar aon dhuine aon bhlas a dheanamh air gur imtigh sé fhéin.